POBLACHT NA FRAINCE

Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha,
Airgeadais, agus Ceannasachta
Tionsclaíche agus Digití

Foraithne Uimh an maidir leis an scagaire náisiúnta cibearshlándála a chur i bhfeidhm

NOR : ECOI2535840D

Spriocphobal: seirbhísí cumarsáide poiblí ar líne, foilsitheoir seirbhísí cumarsáide poiblí ar líne, soláthraithe brabhsálaí idirlín, soláthraithe seirbhíse idirlín, soláthraithe córais réitigh ainmneacha fearainn, Oifig Frith-chibearchoireachta (Office anti-cybercriminalité), Údarás Cosanta Sonraí na Fraince (Commission Nationale de l'Informatique et des Libertés).

Ábhar: An Oifig Frith-Chibearchoireachta a ainmniú mar an t-údarás riaracháin atá freagrach as an scagaire náisiúnta cibearshlándála a chur chun feidhme; socruithe oibríochtúla chun an scagaire náisiúnta cibearshlándála a chur chun feidhme; oibleagáidí na hOifige Frith-Chibearchoireachta maidir le nochtadh i leith an duine cháilithe ag Údarás Cosanta Sonraí na Fraince; modhanna achomhairc chuig an duine cáilithe ag Údarás Cosanta Sonraí na Fraince.

Teacht i bhfeidhm: an 1 Meán Fómhair 2026.

Cur i bhfeidhm: téacs arna eisiúint de bhun Airteagal 12 de Dhlí Uimh. 2004-575 an 21 Meitheamh 2004 maidir le muinín sa gheilleagar digiteach, arna leasú le hAirteagal 24 de Dhlí Uimh. 2024-449 an 21 Bealtaine 2024 maidir leis an spás digiteach a dhaingniú agus a rialáil.

Déanann an Príomh-Aire,

Ag gníomhú dó ar thuarascáil an Aire Gnóthaí Eacnamaíocha, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíche agus Digití,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise;

Ag féachaint Dhlí Uimh. 2004-575 an 21 Meitheamh 2004 maidir le muinín sa gheilleagar digiteach, go háirithe Airteagal 12 de, arna leasú le hAirteagal 24 de Dhlí Uimh. 2024-449 an 21 Bealtaine 2024 maidir leis an spás digiteach a dhaingniú agus a rialáil;

Ag féachaint don tuairim ó Údarás Cosanta Sonraí na Fraince an 17 Iúil 2025;

Ag féachaint d'fhógra Uimh. XXX a seoladh chuig an gCoimisiún Eorpach an XXX;

Tar éis éisteacht a thabhairt don Chomhairle Stáit (An Ranóg Inmheánach),

Tar éis éisteacht a thabhairt do Chomhairle na nAirí,

An méid seo a leanas a fhógairt leis seo:

Airteagal 1

Is é Oifig na Frith-Chibearchoireachta de chuid Stiúrthóireachta Ginearálta na bPóilíní Náisiúnta an t-údarás riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 12 den Dlí thuasluaite an 21 Meitheamh 2004.

Ní údarófar ach gníomhairí arna n-ainmniú ina n-aonar agus arna n-údarú go cuí ag Ceann na hOifige chun an nós imeachta a leagtar síos san Fhoraithne seo a chur chun feidhme.

Airteagal 2

Déanfar seoltaí gréasáin na seirbhísí cumarsáide poiblí ar líne atá beartaithe go sainráite chun oibríochtaí a dhéanamh arb ionann iad agus ceann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 12(I) de Dhlí réamhluaite an 21 Meitheamh 2004 a tharchur chuig na daoine dá dtagraítear i mír I den Airteagal sin, trí mhodh tarchurtha slán a úsáid lena ráthaítear a rúndacht agus a sláine. Déanfar iad a tharchur gan mhoill agus faoi na coinníollacha céanna chuig an duine cáilithe dá dtagraítear i mír III den Airteagal sin.

Áireofar sna seoltaí gréasáin a chuirfear in iúl ceachtar den méid seo a leanas: seoladh iomlán na n-acmhainní a úsáidtear ar an idirlíon, nó ainm fearainn (DNS), nó ainm óstaigh a bhfuil ainm fearainn agus ainm freastalaí roimhe mar shaintréithe acu.

Airteagal 3

Sula dtabharfar rochtain ar sheirbhísí cumarsáide poiblí ar líne is ábhar d'fhógra foirmiúil de bhun an dara fomhír d'Airteagal 12(I) agus (II) de Dhlí réamhluaite an 21 Meitheamh 2004, taispeánfar teachtaireacht lena dtugtar rabhadh don úsáideoir faoin mbaol a bhaineann le rochtain a fáil aige ar an seoladh sin agus faoin mbeart atá á dhéanamh, agus lena n-iarrtar air rochtain a fháil ar leathanach faisnéise ar shuíomh gréasáin oifigiúil faoi fhreagracht an Aire Gnóthaí Baile atá tiomnaithe do chúnamh a thabhairt do shaoránaigh sna bearta a dhéanann siad agus lena sonraítear na cúiseanna leis an mbeart sin, oibriú an chórais agus na modhanna sásaimh.

Sula dtabharfar rochtain ar sheirbhísí cumarsáide poiblí atá faoi réir ceann de na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 12(II) den Ionstraim chéanna, taispeánfar teachtaireacht chomhionann agus beidh sí faoi réir dearbhú sainráite ón úsáideoir.

Déanfar úsáideoirí seirbhísí cumarsáide poiblí ar líne a bhfuil rochtain orthu bactha a atreorú chuig leathanach faisnéise ar shuíomh gréasáin oifigiúil faoi fhreagracht an Aire Gnóthaí Baile, atá tiomnaithe do shaoránaigh a threorú maidir leis na céimeanna atá le glacadh acu, agus na cúiseanna leis an mbeart bactha seo agus na modhanna sásaimh a chur in iúl.

Airteagal 4

Foilseofar ainm an duine cháilithe dá dtagraítear in Airteagal 12 de Dhlí thuasluaite an 21 Bealtaine 2024, mar aon lena gcomhalta malartach nó a gcomhaltaí malartacha, in *Iris Oifigiúil* Phoblacht na Fraince.

Tá an réamhachomharc riaracháin dá bhforáiltear in Airteagal 12(III) de Dhlí thuasluaite an 21 Meitheamh 2004 éigeantach sula bhféadfar aon achomharc breithiúnach a thaisceadh. Déanfar é a chomhdú go leictreonach leis an duine cáilithe, agus measfar gurb ionann neamhfhreagairt ar feadh tréimhse seacht lá tar éis an t-achomharc a fháil agus diúltú intuigthe don achomharc.

I gcás ina ndéanfaidh an duine cáilithe an t-ábhar a tharchur chuig Coláiste Údarás Cosanta Sonraí na Fraince, cuirfear síneadh seacht lá leis an tréimhse sin. Cuirfidh an duine cáilithe an t-achomharcóir ar an eolas faoi sin gan mhoill.

Maidir leis na hiarrataí a chuirtear faoi bhráid soláthraithe brabhsálaithe idirlín, soláthraithe seirbhíse idirlín, soláthraithe córais réitigh ainm fearainn, innill chuardaigh nó eolairí, agus aon fhaisnéis as ar eascair an cinneadh gur léir go bhfuil seirbhís cumarsáide poiblí ar líne beartaithe go follasach chun oibríochtaí a dhéanamh arb ionann iad agus ceann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 12 (I) de Dhlí réamhluaite an 21 Meitheamh 2004, cuirfidh an Oifig Frith-chibearchoireachta na hiarrataí sin ar fáil don duine cáilithe.

Airteagal 5

Déanfaidh an Oifig Frith-Chibearchoireachta liosta sheoltaí gréasáin na seirbhísí cumarsáide poiblí ar líne is ábhar do na hiarrataí dá dtagraítear in Airteagal 12(I) agus (II) de Dhlí réamhluaite an 21 Meitheamh 2004, arna fhoilsiú ar leathanach sonrach den suíomh gréasáin oifigiúil faoi fhreagracht an Aire Gnóthaí Baile atá dírithe ar shaoránaigh a threorú sna céimeanna a ghlacann siad, a thabhairt cothrom le dáta.

Airteagal 6

Beidh feidhm ag forálacha na Foraithne seo sa Nua-Chaladóin, Polainéis na Fraince agus i nOileáin Wallis agus Futuna.

Airteagal 7

Tiocfaidh forálacha na Foraithne seo i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2026.

Airteagal 8

Cé is moite d’Airteagal 4, féadfar an Fhoraithne seo a leasú le foraithne ón gComhairle Stáit.

Airteagal 9

Beidh an tAire Gnóthaí Baile, tAire Geilleagair, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíche agus Digití agus Aire na Fraince Thar Lear freagrach, gach duine acu laistigh dá sainchúram féin, as cur chun feidhme na Foraithne seo, a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil* Phoblacht na Fraince.

Arna dhréachtú an

Ag an bPríomh-Aire:

An tAire Gnóthaí Eacnamaíocha, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíche agus Digití

Roland LESCURE

An tAire Gnóthaí Baile,

Laurent NUNEZ

Aire na Fraince Thar Lear,

Naïma MOUTCHOU

An tAire a bhfuil freagracht air maidir leis an Intleacht Shaorga agus leis an Earnáil Dhigiteach,

Anne LE HENANFF